

15.11.2023

A9-0319/414

**Leasú 414**

**Massimiliano Salini**

thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(32 a) ciallaíonn ‘athchúrsáil ardcháilíochta’ aon oibríocht aisghabhála, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (17), de Threoir 2008/98/CE, lena n-áirithítear go ndéantar cáilíocht ar leith na dramhaíola a bhailítear agus a shórtáiltear le linn na hoibríochta aisghabhála sin a chaomhnú nó a aisghabháil, ionas go mbíonn na hábhair athchúrsáilte iardain de cháilíocht leordhóthanach chun teacht in ionad amhábhair phríomhúla;*

Or. en

15.11.2023

A9-0319/415

**Leasú 415**  
**Massimiliano Salini**  
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil**  
**Frédérique Ries**  
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(d) féadtar í a athchúrsáil ionas go mbeidh amhábhair thánaisteacha a thagann aisti ar cháilíocht leordhóthanach gur féidir iad a úsáid in ionad bun-amhábhair;

(d) féadtar í a athchúrsáil ionas go mbeidh na hamhábhair thánaisteacha a thiocfaidh aisti ar cháilíocht leordhóthanach gur féidir iad a úsáid in ionad bun-amhábhair;

Or. en

15.11.2023

A9-0319/416

**Leasú 416**

**Massimiliano Salini**

thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Dearfar pacáistíocht ar bhealach ionas go laghdófar a meáchan agus a toirt chuig an meáchan agus an toirt íosta is gá chun a **feidhmiúlacht** a áirithiú, agus ábhar déanta na pacáistíochta á chur san áireamh.

*Leasú*

1. **Faoin 1 Eanáir 2030**, dearfar pacáistíocht sa dóigh is go laghdófar a meáchan agus a toirt chuig an meáchan agus an toirt íosta is gá chun go n-áiritheofar a **feidhmiúlachtaí, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, cuid 1, agus cuspóir an táirge**, agus **an cruth agus an t-ábhar** as a ndéantar an phacáistíocht á gcur san áireamh.

Or. en

15.11.2023

A9-0319/417

**Leasú 417**  
**Massimiliano Salini**  
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil**  
**Frédérique Ries**  
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 26 – mír 13 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***13 a. Díolmhófar oibreoirí eacnamaíocha ón oibleagáid spriocanna san Airteagal seo a chomhlíonadh, nuair atá ráta athchúrsála an phríomhábhair pacáistíochta arna thuairisciú ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún faoi Airteagal 50 (2), pointe (c), nó nuair atá ráta athchúrsála na bhformáidí pacáistíochta - amhail buidéal PET nó cannaí alúmanaim - os cionn 85 %, de réir meáchain, den phacáistíocht sin a chuirtear ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit sin sa bhliain féilire 2027 nó in aon bhliain féilire ina dhiaidh sin.***

Or. en

15.11.2023

A9-0319/418

**Leasú 418**

**Massimiliano Salini**

thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***14 a. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 58 maidir leis na ceanglais le haghaidh measúnú saolré a ullmhú chun údar a thabhairt le díolúine faoin Airteagal sin. Díolmhófar oibreoirí eacnamaíocha ón oibleagáid na spriocanna san Airteagal seo a bhaint amach murab í an athúsáid a fhágann an toradh foriomlán is fearr a bheith ann ó thaobh an chomhshaoil de ar bhonn measúnú saolré den sórt sin.***

Or. en

15.11.2023

A9-0319/419

**Leasú 419**

**Massimiliano Salini**

thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***3 a. Feidhmiúlacht na pacáistíochta: áirítheoidh dearadh na pacáistíochta feidhmiúlacht na pacáistíochta, lena n-áirítear critéir maidir le tomhaltóirí a bheith ag glacadh le táirgí. Urramófar na heilimintí dearaidh is gá chun aitheantas sainiúil táirgí, cearta maoine intleachtúla nó tásca geografacha tionscnaimh a léiriú faoi reachtaíocht an Aontais.***

Or. en